



Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0289 (COD)

CODEC 12
COH 3

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 24 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 175 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Deireadh Fómhair 2025².
3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh³.
4. An 16 Nollaig 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an gcéad léamh⁴. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstiúidí air chun an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

¹ 13257/25.
² 14774/25.
³ 16089/25.
⁴ 16705/25.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Parlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 53/25 é, a fhorghreas mar mhír ‘A’ ar chláir oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.
6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.
7. Má fhorghreasann an Chomhairle seasamh Parlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
